

### A: MACHNAMH

#### Réamhchleachtadh 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi bhreithlá Raidió na Life. Pléigh na ceistanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An éisteannt tú leis an raidió nó le podchraoltaí?
2. Cad iad na cineálacha clár raidió nó podchraoltaí a thaitníonn leat?

(clár ceoil, clár faisnéise, clár cainte, clár nuachta, clár polaitíochta, clár cúrsaí reatha, clár crá croí, clár spóirt, clár faisin)



#### Réamhchleachtadh 2

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus roghnaí gí na freagraí cearta:

1. Tá an Life:  
(a) i nGaillimh      (b) i mBaile Átha Cliath      (c) i gCorcaigh      (d) i mBéal Feirste
2. Freastalaíonn Raidió na Life ar dhaoine:  
(a) sa Tuaisceart      (b) sa Ghaeltacht      (c) i lár na tíre      (d) sa  
phríomhchathair
3. Ar an gcúigiú lá is fiche de mhí Mheán Fómhair bhí Raidió na Life ann le:  
(a) 50 bliain      (b) 10 mbliana      (c) 30 bliain      (d) 20 bliain
4. Cé acu de na daoine thíos **nár thosaigh** a saol craoltóireachta ar Raidió na Life?  
(a) Sinéad Crowley      (b) Sharon Ní Bheoláin      (c) Gay Byrne      (d) Fachtna Ó  
Drisceoil.

## B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

cuisle	<i>milestone</i>
deonach	<i>many</i>
is iomaí	<i>pregnant, expecting</i>
lear mór	<i>slaughter</i>
ag freastal ar	<i>pulse, heartbeat</i>
ár	<i>a large amount</i>
ag cothú	<i>nourishing, fostering</i>
cloch mhíle	<i>generation</i>
ag súil	<i>servicing</i>
glúin	<i>voluntary</i>

2. Bain úsáid as na focail Ghaeilge thuas chun na bearnaí a líonadh sna habairtí:

- Tá Raidió na Life \_\_\_\_\_ dhaoine a bhfuil Gaeilge acu sa phríomhchathair.
- Údar ollmhór bróid is ea an \_\_\_\_\_ \* seo do lucht bunaithe an stáisiúin.
- Chuir Muiris Ó Fiannachta clár miotail darbh ainm ‘Scrios agus \_\_\_\_\_’ i láthair.
- \_\_\_\_\_ craoltóir aitheanta a fuair a chéad deis sna meáin chumarsáide leis an stáisiún.
- Is stáisiún raidió \_\_\_\_\_ é Raidió na Life.
- Bhí muid ag smaoineamh, ní díreach orainn féin agus ar ár n\_\_\_\_\_ féin, ach ar ár gcuid páistí.
- Tugtar \_\_\_\_\_ na cathrach ar Raidió na Life.
- Tá Raidió na Life \_\_\_\_\_ pobal bródúil Gael go fóill.
- Bhí Máirín Nic Eoin \_\_\_\_\_ le cúpla nuair a bunaíodh an stáisiún.
- Tá \_\_\_\_\_ daoine a bhfuil Gaeilge acu i mBaile Átha Cliath.

\*focal baininscneach é an focal ‘cloch’.

3. Sa mhír, deir Muiris Ó Fiannachta – ‘**Theastaigh uaim** clár miotail a chur i láthair.’ An bhfuil bealach eile agat féin chun ‘theastaigh uaim’ a rá?
4. Deir sé freisin – ‘Agus rinneas é sin agus chuireas clár miotail, darbh ainm *Scrios agus Ár*, i láthair.’ Cén leagan atá agat féin ar ‘rinneas’ agus ar ‘chuireas’?

## C: TUISCINT

---

Féach ar an mír den chéad uair. Bí ag obair leis an duine in aice leat ansin agus féachaigí ar na ráitis seo thíos. An bhfuil siad fíor nó bréagach?

1. Bunaíodh Raidió na Life i mí Mheán Fómhair 1992.

Fíor

Bréagach

2. Ní fhreastalaíonn Raidió na Gaeltachta ar mhuintir Bhaile Átha Cliath, dar le Conchúr Ó Faoláin.

Fíor

Bréagach

3. Chuir go leor iriseoirí aitheanta agus cáiliúla tús lena saol gairmiúil ar Raidió na Life.

Fíor

Bréagach

4. Deir Sinéad Crowley go raibh gach duine ag obair go deonach sa stáisiún nuair a bhí sí ag obair ann agus nach raibh stíl phroifisiúnta acu dá bharr.

Fíor

Bréagach

5. D'éirigh le Muiris Ó Fiannachta clár miotail a chur i láthair ar feadh deich mbliana.

Fíor

Bréagach

6. Síleann Sharon Ní Bheoláin go bhfuil tábhacht ag baint le Raidió na Life go fóill.

Fíor

Bréagach

7. Bhí bunaitheoirí an stáisiúin ag smaoineamh ar a nglúin féin agus ar an gcéad ghlúin eile nuair a chuir siad tús leis an stáisiún.

Fíor

Bréagach

Féachaigí ar an mír arís.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Saibhreas teanga (Theastaigh uaim)

- a) Tá go leor frásaí coitianta sa Ghaeilge a bhfuil an forainm réamhfhoclach mar chuid díobh. Tóg an sampla sin arís a bhí ag Muiris Ó Fiannachta: 'Theastaigh uaim'. Ní féidir an briathar 'teastaigh' a úsáid leis féin ansin chun *I wanted to* a rá.

Cad iad na réamhfhocail shimplí a théann leis na briathra seo thíos?

Teastaigh ó

Buail \_\_\_\_\_

Teip \_\_\_\_\_

Éirigh \_\_\_\_\_ (*succeed*)

Fiafraigh \_\_\_\_\_

Taitin \_\_\_\_\_

- b) Athscríobh na habairtí thíos i nGaeilge:

*I managed to finish my essay.*

*She needs a lot of money.*

*I met him yesterday.*

*Ask them why.*

*My brother did his driving test and he failed.*

*I liked the film.*

*She passed the exam.*

*He wanted to go out.*

### 2: Cruinneas gramadaí (comhfhocail)

- a) Bhí an comhfhocal 'mórcheantar' sa mhír. Bain úsáid as na samplaí thíos chun na rialacha a bhaineann le comhfhocail a phlé leis an duine in aice leat.

mórcheantar

ollscoil

ró-ard

droch-chaint

- b) Cad a tharlaíonn nuair a thagann trí mhír le chéile i gcomhfhocal? Féach:

(iar)(bun)(scoil) \_\_\_\_\_

- c) Bain amach na lúbíní sna samplaí thíos agus scríobh na comhfhocail sna bearnaí:

(sean)(teach) \_\_\_\_\_

(fíor)(maith) \_\_\_\_\_

(gnáth)(teaghlach) \_\_\_\_\_

(iar)(bun)(oideachas) \_\_\_\_\_

(carr)(clós) \_\_\_\_\_

(dea)(aimsir) \_\_\_\_\_

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa. Tá deis iontach faighte agaibh! Is féidir libh clár raidió a chur i láthair ar Raidió na Life! Is féidir libh aon chineál cláir a chur i láthair. Cén cineál cláir a chraolfaidh sibh?

Smaoinígí ar fhreagraí na ceisteanna seo agus sibh ag cur agus ag cúiteamh:

- Cén fáth ar roghnaigh sibh an clár seo?
- Cé a bheidh ag éisteacht leis an gclár, dar libh?
- Cé chomh fada is a mhairfidh an clár?
- Cé mhéad láithreoir a bheidh ann?
- An mbeidh áionna ann?
- Cén t-am den lá nó den oíche a chraolfar an clár? Cén fáth?

Smaoinígí siar ar an bplé a rinne sibh faoi [A: Machnamh](#).

### 2: Scríobh

Scríobh blurba don chlár anois do shuíomh idirlín Raidió na Life, agus bíodh cur síos gearr ar an gclár ann. Is leor cúig líne nó mar sin. Roghnaigh grianghraf nó íomhá a rachadh leis an mblurba. Cuir do chuid oibre i gcomparáid le blurbaí na ndaoine eile sa ghrúpa. Féach ar an íomhá ón gclár DIP ar Raidió na Life:



## AN SCRIPT

### Eimear Ní Chonaola

Cuisle na cathrach a tugadh agus a thugtar go fóill ar an stáisiún deonach raidió Gaeilge, Raidió na Life, a bunaíodh i mí Mheán Fómhair 1993 agus atá ag ceiliúradh tríocha bliain ar an bhfód inniu. Is iomaí craoltóir aitheanta a fuair a chéad deis ins na meáin chumarsáide leis an stáisiún thar na blianta.

### Conchúr Ó Faoláin, Clár Reachtaire i Raidió na Life

Fáilte romhaibh, a chairde, chuig Eadra, anseo ar Raidió na Life, 106.4FM. Ag ceiliúradh tríocha bliain de Raidió na Life atá muid inniu, ar an gcúigiú lá is fiche de mhí Mheán Fómhair. Is tríocha bliain é ó thosaigh Raidió na Life ag craoladh anseo i mBaile Átha Cliath.

### Caoimhe Ní Laighin

Tá Conchúr Ó Faoláin ag fáil a chéad deise craoltóireachta le Raidió na Life.

### Conchúr Ó Faoláin, Clár Reachtaire i Raidió na Life

So, is dócha go bhfuil lear mór daoine anseo i mBaile Átha Cliath, pobal na nGael anseo i mBaile Átha Cliath, agus tá neart de na meáin, b'fhéidir, nach bhfuil ag cur a riachtanais ar fáil dóibh. *You know*, leithéidí Raidió na Gaeltachta, tá an-chuid á déanamh acu do phobal na Gaeltachta ar ndóigh. Ach measaim go bhfuil Raidió na Life ag freastal ar an bpobal anseo i mBaile Átha Cliath, na Gaeil atá anseo i mBaile Átha Cliath.

### Caoimhe Ní Laighin

Ach ghlac go leor iriseoirí aitheanta a gcéad chéimeanna leis an stáisiún deonach raidió do mhórchearntar Bhaile Átha Cliath.

### Sinéad Crowley, Coimisiún na Meán & Raidió na Life sna 90idí

Bhí sé go hiontach! Do bhain mise céim amach sa chumarsáid. So, nuair a d'fhág mé an coláiste, do thosaigh Raidió na Life an bhliain chéanna. So, bhí sé *just* dochreidte, iontach go raibh áit ann le craoladh. Bhí gach éinne<sup>1</sup> deonach, ach ag an am céanna bhí cineál stíl phroifisiúnta ag gach éinne. Bhí gach éinne an-dáiríre faoi.

### Muiris Ó Fiannachta, Bainisteoir Raidió na Life

Thosaigh mise ar Raidió na Life nuair a bhí mé i mo mhac léinn i Maigh Muad. Theastaigh uaim clár miotail a chur i láthair ar an stáisiún agus tháinig mé isteach ag an am le labhairt le Fionnuala Mac Aodha, a bhí mar bhainisteoir an uair sin. Agus rinneas é sin agus chuireas clár miotail darbh ainm 'Scríos agus Ár' i láthair ar an stáisiún ar feadh bliana.

### Sharon Ní Bheoláin, Craoltóir le RTÉ agus le Raidió na Life sna 90idí

Cuisle na cathrach a thug muid orainn féin siar in 1993. Agus is léir go bhfuil an chuisle sin fós le brath, fós breá láidir agus fós ag cothú pobal bródúil Gael.

### Fachtna Ó Drisceoil, Craoltóir le Raidió na Gaeltachta & le Raidió na Life sna 90idí

Is dóigh liom gur bealach isteach don Ghaeilge do go leor daoine a bheith ábalta Gaeilge a chloisteáil, a fhuaimníonn cosúil lena gcuid Gaeilge féin, is é sin Gaeilge na cathrach, Gaeilge Bhaile Átha Cliath.

### Caoimhe Ní Laighin

Údar ollmhór bróid is ea an chloch mhíle seo do lucht bunaithe an stáisiúin.

### An tOllamh Máirín Nic Eoin, duine de bhunaitheoirí Raidió na Life

Bhí mé ag súil le cúpla nuair a tháinig an stáisiún ar an aer agus tá siad siúd tríocha bliain d'aois i mbliana freisin. Agus an chuid againn a bhí páirteach i mbunú an stáisiúin, bhí muid ag smaoineamh, ní díreach orainn féin agus ar ár nglúin, ach ar ár gcuid páistí.

### Caoimhe Ní Laighin

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4.

<sup>1</sup> éinne = leagan canúnach de 'aon duine'

## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

#### Réamhchleachtadh 1:

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

#### Réamhchleachtadh 2:

Is é aidhm an réamhchleachtaidh seo ná ábhar/topaic na míre a chur i láthair na bhfoghlaimeoirí sula bhféachfaidh siad uirthi chun tacú leis an gcluastuisceant ar ball.

(1 – b, 2 – d, 3 – c, 4 – c)

### B: FOCLÓIR

1. Féach:

cuisle	<i>pulse, heartbeat</i>
deonach	<i>voluntary</i>
is iomaí	<i>many</i>
lear mór	<i>a large amount</i>
ag freastal ar	<i>serving</i>
ár	<i>slaughter</i>
ag cothú	<i>nourishing, fostering</i>
cloch mhíle	<i>milestone</i>
ag súil	<i>pregnant, expecting</i>
glúin	<i>generation</i>

2. Féach:

- Tá Raidió na Life **ag freastal ar** dhaoine a bhfuil Gaeilge acu sa phríomhchathair.
- Údar ollmhór bróid is ea an **chloch mhíle** seo do lucht bunaithe an stáisiúin.
- Chuir Muiris Ó Fiannachta clár miotail darbh ainm ‘Scríos agus **Ár**’ i láthair.
- **Is iomaí** craoltóir aitheanta a fuair a chéad deis sna meáin chumarsáide leis an stáisiún.
- Is stáisiún raidió **deonach** é Raidió na Life.
- Bhí muid ag smaoineamh, ní díreach orainn féin agus ar ár **nglúin** féin, ach ar ár gcuid páistí.
- Tugtar **cuisle** na cathrach ar Raidió na Life.
- Tá Raidió na Life **ag cothú** pobal bródúil Gael go fóill.
- Bhí Máirín Nic Eoin **ag súil** le cúpla nuair a bunaíodh an stáisiún.
- Tá **lear mór** daoine a bhfuil Gaeilge acu i mBaile Átha Cliath.

3. Theastaigh uaim – bhí mé ag iarraidh; bhí x uaim; bhí x de dhíth orm.

4. Rinneas – rinne mé / chuireas – chuir mé.

### C: TUISCINT

Féach:

1 – bréagach (1993).

2 – fíor.

3 – fíor.

4 – bréagach (deir sí go raibh stíl phroifisiúnta ag gach duine).

5 – bréagach (ar feadh bliana).

6 – fíor.

7 – fíor.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Saibhreas teanga (Theastaigh uaim)

a) Féach: Teastaigh **ó**, Buail **le**, Teip **ar**, Éirigh **le**, Fiafraigh **de**, Taitin **le**.

b) Féach:

*I managed to finish my essay.*

D'éirigh liom m'aiste a chríochnú.

*I met him yesterday.*

Bhuail mé leis inné.

*My brother did his driving test and he failed.*

Rinne mo dheartháir a scrúdú tiomána agus theip air.

*She passed the exam.*

D'éirigh léi sa scrúdú.

*She needs a lot of money.*

Teastaíonn a lán airgid uaithi.

*Ask them why.*

Fiafraigh díobh cén fáth.

*I liked the film.*

Thaitin an scannán liom.

*He wanted to go out.*

Theastaigh uaidh dul amach.

### 2: Cruinneas gramadaí (comhfhocail)

a) Féach:

✓ Cuirtear séimhiú ar thúschonsan an dara focal (tríú focal srl.): mórcheantar.

✓ Ní chuirtear séimhiú ar an dara, tríú focal srl. má thagann d, n, t, l, s le chéile: ollscoil.

✓ Ní bhíonn fleiscín ann de ghnáth ach amháin má thagann dhá ghuta le chéile (ró-ard) nó má thagann na litreacha céanna le chéile (droch-chaint).

b) Féach: iar-bhunscoil. Má tá trí mhír i gceist bíonn fleiscín idir an chéad agus an dara mhír.

c) Féach: seanteach / fíormhaith / gnáth-theaghlach / iar-bhunoideachas / carrchlós / dea-aimsir.

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Tabhair deis chainte dóibh chun cinneadh a dhéanamh faoin gclár a chraolfaidh siad. Ní bheidh siad ar fad ar aon intinn faoin gcineál cláir agus beidh orthu teacht ar chomhréiteach. Tá na ceisteanna ann chun cuidiú leo an chaint a dhéanamh. Iarr ar na grúpaí éagsúla an clár a chur i láthair an ranga.

### 2: Scríobh

Abair leo cúig líne nó mar sin a scríobh ina ndéanfaidh siad cur síos ar an gclár raidió.

Curtha ar fáil ag



Ollscoil Mhá Nuad  
Ollscoil na hÉireann  
Má Nuad

Lárionad na Gaeilge  
Taighde, Teagasc & Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltachta & Gaelscolalochta



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,  
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán  
Department of Tourism, Culture,  
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

